9. Leasaítear Airteagal 1(3), a bhaineann le busanna altacha agus cónaisc shonracha feithiclí a úsáid le haghaidh iompar paisinéirí, chun go mbeidh na Ballstáit in ann leanúint de chónaisc shonracha a úsáid.

10. Cinntítear gur féidir le feithiclí a chumhdaítear le ceadanna speisialta atá beartaithe chun ualaí doroinnte a iompar [Airteagal 4(3)], feithiclí a dhéanann oibríochtaí nach ndéanann difear suntasach don iomaíocht idirnáisiúnta san earnáil iompair [Airteagal 4(4)] agus Córais Mhodúlacha Eorpacha (CME) [Airteagal 4(4a)] imeacht ó na meáchain agus ó na toisí a leagtar amach san Iarscríbhinn. In Airteagal 4b, agus i gcomhréir le cuspóirí an leasaithe atá beartaithe chun dreasachtaí a chur ar fáil le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus oibríochtaí iompair idirmhódúil, molann an Uachtaránacht go gceadófar freisin do mhótarfheithiclí astaíochtaí nialasacha nó do chónaisc feithiclí a bhfuil baint acu le hoibríochtaí iompair idirmhódúil teorainneacha a thrasnú fiú má sháraíonn siad na meáchain uasta a shainítear san Iarscríbhinn, fad is nach mó an meáchan ná an méid a cheadaítear ar dhá thaobh na teorann.

11. A mhéid a bhaineann le hualaí doroinnte a iompar agus an ceanglas teanga atá ar an tiománaí [Airteagal 4(3)], féadfaidh na Ballstáit bearta sonracha a éileamh chun a áirithiú gur féidir cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis an tiománaí.

12. Tá na Ballstáit in ann suas le 1,380 méadar a chur leis an leantóir agus seirbhísí tointeála tiomnaithe á n-oibriú acu anois [Airteagal 4(4aa)], agus cuireadh aithris nua [(11c)] isteach lena mínítear an réasúnaíocht taobh thiar den fhad breise.

13. Cuirtear síneadh 7 mbliana leis an uastréimhse le haghaidh trialacha le Córais Mhodúlacha Eorpacha in Airteagal 4(5).

14. Tugtar go leor ama do na Ballstáit chun an ‘ionad ilfhreastail’ a chur ar bun faoi Airteagal 4a.

15. Le hAirteagal 7, beidh na Ballstáit in ann teorainn a chur leis an úsáid a bhaintear as bóithre áirithe nó as struchtúr innealtóireachta sibhialta áirithe de bharr ábhair imní maidir le sábháilteacht ar bhóithre nó saintréithe bonneagair.

16. Mar gheall ar ábhair imní maidir le héifeacht na n-ualaí breise ar an mbonneagar, rinneadh athruithe ar fhorfheidhmiú in Airteagal 10d. Soiléirítear sa chéad mhír go bhféadfaidh na Ballstáit córais uathoibríocha atá suiteáilte ar bhonneagar bóithre an ghréasáin GTE-I nó trealamh meáite ar bord a úsáid. Ón 1 Nollaig 2029, ba cheart d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha a bheith in ann sonraí iontaofa maidir le meáchan a chur in iúl go cianda trí threalamh tomhaiste maise ar bord, agus rogha ann an tacagraf cliste a úsáid. Leagfar amach na mionsonraí i ngníomh cur chun feidhme.

17. I dtaca le géarchéimeanna a bhíonn tionchar acu ar roinnt Ballstát, soiléirítear in Airteagal 10k nach féidir leis an gCoimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ach amháin arna iarraidh sin do na Ballstáit lena mbaineann.

18. Molann an Uachtaránacht go ndéanfaí cúrsaí riaracháin níos simplí freisin trí stad de chóras faireacháin a fhorchur le haghaidh trialacha CME [Airteagal 4(5) agus (5a)] agus trí úsáid an ardáin e-FTI a scriosadh chun a léiriú go gcáilíonn oibríocht iompair mar oibríocht iompair idirmhódúil [Airteagal 6(7)]. I bhfianaise an bhreisluacha theoranta a bhaineann le scéimeanna Beartais Rochtana Cliste, scriosadh an tAirteagal 10da a bhí beartaithe.

19. San Iarscríbhinn, rinneadh athruithe chun a léiriú go rabhthas i bhfabhar feithiclí astaíochtaí nialasacha a roghnú agus cuireadh an imní a bhí ar Bhallstáit maidir le caitheamh an bhonneagair san áireamh freisin.

   a. Cuireadh 0,90 méadar breise le fad na bhfeithiclí altacha ina bhfuil mótarfheithicil astaíochtaí nialasacha chun go mbeidh níos mó spáis ann chun teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha a shuiteáil (foroinn 1.1);

   b. Scriosadh an líne a bhaineann le hairde bhreise i gcás ina mbíonn coimeádáin d'ardtoilleadh á n-iompar, ós rud é go bhfuil fadhb ag formhór na mBallstát le híosbhealach a ndroichead (foroinn 1.3);

   c. Idirdhealú idir mótarfheithiclí 5 acastóir nó 6 acastóir a mhéid a bhaineann leis an mbónas astaíochtaí nialasacha 2 thona agus 4 thona faoi seach (foroinn 2.2);

d. An meáchan uasta laghdaithe go 34 thona i bpointe 2.3.6 i gcás feithicle giorra agus troma den chineál speisialta seo agus an 2 thona bhreise á gcoinneáil le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha. Tá líne bhreise ann lenar féidir 0,50 tona a chur le busanna dhá-acastóir astaíochtaí nialasacha (foroinn 2.3);

e. Scriosadh meáchan breise le haghaidh an acastóra tiomána d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha toisc go measann formhór na mBallstát go ndéantar an-iomarca díobhála don bhonneagar le hacastóir tiomána trom sa bhreis (foroinn 3.4);

f. Áiríodh foroinn 3.6 maidir le hacastóirí tridimeacha mótarfheithiclí, toisc go bhfuil saintréithe sonracha ag an gcineál sin feithiclí;

g. Ós rud é go bhfuil cásanna sonracha ann, cuireadh líne amháin isteach le haghaidh mótarfheithiclí 5-acastóir agus cuireadh líne eile isteach ina bhfuil foirmle droichid lena sainítear an t-achar idir na hacastóirí le haghaidh cónaisc feithiclí is mó ná 42 thona (foroinn 4.3).

## V. CONCLÚIDÍ

20. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta i ndáil leis an téacs comhréitigh atá i gceangal leis an nóta seo, ag an gcruinniú a bheidh aici an 4 Nollaig 2025.

